1983

# Clann Jimmy an Oileáin

Deirtar go mbíonn cuimhne an pháiste buan agus níl smid bhréige ann. Is maith is cuimhneach liom ag seasamh amach ar an gcnocán os comhair an tí agus ag ceistiú m'athair faoi Inse Mhic Cionnaith. Sheasadh muid amach ar an gcnocán céanna oíche chiúin agus thagadh fothramán as cláir Dhroichead an Daingin chugainn trasna na mara. Ba mhinic freisin curach le cloisteáil agus í ag déanamh a bealach sa dorchadas thríd an gcuisle achrannach ag déanamh abhaile ar an oileán. Agus ar ndóigh ba mhinic mé ag cur na ceiste cé leis an teach sin, agus an teach sin taobh thiar dhe agus an teach dhá stór . . . sé cinn de thithe ina n-iomláine. Deirtí liom go raibh tiarna talúna ina chónaí san áit a raibh Tí Jimmy an Oileáin agus go mbíodh sé ag cur daoine go Meiriceá, sea agus gur scian phóca speisialta a thugadh sé dhóibh mar chomhartha ar a bpaisinéireacht.

Ní soiléar iad cuid de mo chuimhní ar Jimmy an Oileáin mar gur sciob an bás é sula raibh mé suas le aithne a chur air. Ach cuimhním go minic go ndeireadh sé go raibh lacha fhiáin bhán ina peata aige agus gurbh ise a thabharfadh eolas an bhealaigh dhó thríd an gcuisle achrannach sin a raibh mé ag caint uirthi cheana. Ach chuir mise agus go leor nach mé aithne ar chlann Mhary agus Jimmy — naonúr fear a raibh a láimh sa gcoimhlint acu cibé áit a raibh rása curach in Éirinn, i Sasana nó sna Státaí fhéin.

Bhí atmasféar agus draíocht faoi leith ag baint le rásaí na gcurach an t-am sin, b'fhacthas dom, fiú muna raibh ionat ach putach agus gan agat dhíobh ach tú ag feiceál na ndaoine ag bailiú isteach sa leorraí a raibh curach ceangailte go daingean cúramach ar a barr. Ní bhíodh i mbéal na ndaoine ach cé a bhuaigh na rásaí agus ba mhinic gurbh í an cheist "Ab iad Inis Bearachain nó Inis Mhic Cionnaith a bhuaigh?" Ní raibh agamsa ach léargas shamhlaíodh de Inis Bearachain ag an am



**Jimmy an Oileáin (nach maireann) agus a bhean Mary, blianta sular fhág siad Inse Mhic Cionnaith.**



**Máirtín Chóilín Mac Donnacha, Michael Mhicil agus Pádraig Mhicil Ó Cualáin ag iomradh istigh i mBóthar na Trá, blianta tosaigh an Tostal.**



**Triúr de chlann Mhic Dhonncha: Pádraig, Mícheál agus Réamonn agus iad thar éis rásaí Leitir Móir a bhuachaint don dara bliain as a chéile.**

**Tá tuilleadh den chlann ar an gcéibh, Johnny, Peadar, Dara agus Bríd.**

sin ach is minic a thagann na laethanta úd trasna thré m'intinn nuair a bhreathnaím uaim amach ar an oileán céanna sin anois. Níl de chónaí anois ar Inis Bearachain ach dhá theaghlach san áit a ndeirtear liom go raibh suas is anuas le teach is fiche ar an oileán timpeall leathchéad bliain ó shoin. Tá Inse Mhic Cionnaith tréigthe freisin. An té a thógann chuige an leabhar sin gheobhaidh sé blas an atmasféir a bhíodh ann roimh rása curach sa Chistin nó i dTigh an Táilliúra agus gheobhaidh sé greim ar bheagán den draíocht a bhí ag baint le rásaí Leitir Móir. Bhí cáil spóirte ar lucht na ábhachaí chróiche agus intinn go leor leor de mhuintir na mbólaigh seo. Tá Seoighe Inis Bearachain molta agus mise i mo thost. Tá clann Jimmy fós ag iomradh go tréan sna rásaí agus tádar freisin ag plé le seoltóireacht agus le chuile chineál ceardaíochta dhá mbaineann leis an bhfarraige.

Tá Mary, bean Jimmy an oileáin luath láidir fós, bail ó Dhia uirthi — agus a chrách sin uirthi mar bean níos deise ná níos flaithiúla ní chasfaí ort i do shiúl lae. Ba mhór an lear spáis a thógfadh sé dhá mbeadh liosta le déanamh de mhuintir Inse Mhic Cionnaith agus Inse Bearachain atá fós ag



An Capall ag stríocadh Cuan agus Calaphort i gCinn Mhara. Ó chlé: Seosamh Ó Maidín, Micil Báille agus Colm Ó Maolchiaráin leis an gcleith agus Dudley Báille réidh le theacht i dtír.



Foireann an Mhaighdean Mhara. Ó chlé, Stiofán Jimmy, Máirtín Jimmy agus Johnny Jimmy Mac Donncha.



An Capall ag stríocadh Cuan agus Calaphort i gCinn Mhara. Ó chlé: Seosamh Ó Maidín, Micil Báille agus Colm Ó Maolchiaráin leis an gcleith agus Dudley Báille réidh le theacht i dtír.



Foireann an Mhaighdean Mhara. Ó chlé, Stiofán Jimmy, Máirtín Jimmy agus Johnny Jimmy Mac Donncha.